

Clár na dTogthóirí

Cláraigh chun vótáil nó nuashonraigh mionsonraí do dhaoine nach bhfuil seoladh acu

Tá sé níos éasca ar líne!

Is ar líne an bealach is éasca duit clárú chun vótáil nó chun do chuid sonraí a nuashonrú.



www.seiceáilancár.ie

Bain úsáid as an bhfoirm seo mura bhfuil seoladh agat agus más mian leat clárú chun vótáil nó do shonraí a nuashonrú ar an gclár toghthóirí. Caithfidh tú seoladh a chur ar fáil atá ag nó gar d'áit a chaitheann tú cuid mhaith de d'am agus inar mian leat go measfaí go bhfuil cónaí ort. Chomh maith leis sin, is féidir leat seoladh a chur ar fáil inar féidir leat post a fháil. Is féidir leat cabhair a lorg ó d'údarás áitiúil chun an fhoirm a chomhlánú.

Chun d'iarratas a phróiseáil, caithfidh roinnt faisnéis phearsanta a bhailiú uait. Deirimid leat cén chaoi agus cén fáth a n-úsáidimid d'fhaisnéis phearsanta ar leathanach 3 agus 4. Léigh an t-eolas seo le do thoil chun cabhrú leat an fhoirm seo a líonadh isteach.

Comhlánaigh an fhoirm seo i mBLOCLITREACHA, le do thoil

1

Do shonraí

Céadainm

Sloinne

Uimhir PSP

Dáta breithe

L	L	M	M	B	B	B	B
---	---	---	---	---	---	---	---

Uimhir fóin

Seoladh ríomhphoist

Náisiúntacht

An bhfuil seoladh ann inar féidir leat post a fháil?

Éirchód

Seoladh inar mian leat go measfaí go bhfuil gnáthchónaí ort

Éirchód

An fáth a bhfuil an seoladh seo á roghnú agat

Mura bhfuil UPSP tugtha agat, ní mór duit cuid 3 a chomhlánú.

Is féidir leat an fhoirm seo a chomhlánú ó 16 bliain d'aois ar aghaidh ach caithfidh tú a bheith 18 chun vóta a chaitheamh.

Mura bhfuil áit ann inar féidir leat post a fháil, fág an chuid seo bán. Beidh d'údarás áitiúil i dteagmháil leat.

Is é seo an seoladh ina gcaitheann tú, nó an seoladh is gaire don áit ina gcaitheann tú an chuid is mó de do chuid ama.

2

Sínigh anseo agus cuir sa phost chuig d'údarás áitiúil é

Creidim chomh fada agus is eol dom go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha agam:

- > fírinneach, agus
- > iomlán.

Tuigim gur coir dhlíthiúil é faoin dlí toghcháin faisnéis bhréagach nó mhíthreorach a thabhairt go feasach d'údarás áitiúil.

Síniú

Dáta

L	L	M	M	B	B	B	B
---	---	---	---	---	---	---	---

Muna bhfuil Uimhir PSP tugtha agat, nó muna féidir le d'údarás áitiúil d'Uimhir PSP a mheaitseáil, tabhair an fhoirm seo agus aitheantas fótagrafach go dtí stáisiún áitiúil an Gharda Síochána nó d'údarás áitiúil. Fan leis an leathanach seo a shíniú go dtí go mbeidh tú le ball den Gharda Síochána nó le ball d'fhoireann sibhialtach an Gharda Síochána nó le hoifigeach d'údarás áitiúil. Seiceálfaidh siad do cháipéis aitheantais. Má tá siad sásta leis, deimhneoidh siad d'aitheantas agus feicfidh siad thú agus tú ag síniú na foirme seo. Is finné iad.

Mura bhfuil tú in ann dul go stáisiún áitiúil na nGardaí nó go dtí d'údarás áitiúil de bharr breoiteachta nó míchumais, caithfidh lia-chleachtóir cláraithe d'fhoirm a dheimhniú (a shíniú agus stampa a chur uirthi).

Sonraí an fhinné

Nóta don fhinné: Caithfidh tú an chuid seo a líonadh sa chás nach dtugann iarratasóir Uimhir PSP ar leathanach 1 nó sa chás nach féidir le húdarás áitiúil sonraí an Uimhir PSP a dheimhniú. Líon amach an leathanach seo chun aitheantas an iarratasóra a dheimhniú. Beidh ort a n-aitheantas fótagrafach a sheiceáil. Mura bhfuil an t-iarratasóir in ann dul chuig stáisiún áitiúil an Gharda Síochána nó údarás áitiúil mar gheall ar bhreoiteacht nó míchumas, ní mór an fhoirm seo a bheith deimhnithe ag lia-chleachtóir cláraithe, mar shampla lia-chleachtóir ginearálta (GP).

Cuir tic leis más iomchuí

- Tá an fhoirm seo á fianú ag **stáisiún áitiúil na nGardaí** de chuid an iarratasóra.
- Tá an fhoirm seo á fianú ag **údarás áitiúil** an iarratasóra.
- Tá sonraí na foirme seo á ndeimhniú ag **lia-chleachtóir cláraithe, mar shampla Dochtúir Teaghlaigh.**

Ainm iomlán an fhinné

Gairm an fhinné

Seoladh oibre an fhinné

Éirchód

Stampa

Más stáisiún na nGardaí / údarás áitiúil atá ann.

Uimhir fóin an fhinné

Uimhir Chomhairle na nDochtúirí Leighis (más iomchuí)

Má táthar ag fianú i stáisiún na nGardaí nó ag údarás áitiúil

Dearbhaímse , go bhfuilim sásta gurb é/í

an duine atá ag déanamh an iarratais seo agus gur shínigh sé/sí an fhoirm seo i m'fhianaise.

Deimhniú ó lia-chleachtóir cláraithe

Dearbhaímse, , gurb é/í

an duine atá ag déanamh an iarratais seo agus nach bhfuil sé/sí in ann freastal ar stáisiún áitiúil na nGardaí na ar údarás áitiúil chun an fhoirm seo a fhianú agus a shíniú, mar gheall ar bhreoiteacht nó míchumas.

Síniú agus dátaí

Síniú an iarratasóra

Dáta

Síniú an fhinné

Dáta

Faisnéis agus treoir chun an fhoirm seo a líonadh isteach

Má bhíonn cabhair uait agus an fhoirm seo á líonadh isteach agat, is féidir leat teagmháil a dhéanamh le d'údarás áitiúil.

Conas clárú chun vóta a chaitheamh nó do shonraí a uasdátú

Is ar líne ar www.seiceáilnclár.ie an bealach is éasca duit clárú chun vótáil nó do shonraí a nuashonrú.

Is féidir leat www.seiceáilnclár.ie a úsáid chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- › seiceáil an bhfuil tú cláraithe cheana féin;
- › clárú chun vóta a chaitheamh;
- › do thairfead reatha a chomhlánú le sonraí ar nós Uimhir PSP, dáta breithe agus Éirchód; nó
- › aon athruithe a dhéanamh ar d'ainm nó ar do sheoladh.

Is féidir leat an fhoirm seo a úsáid chomh maith chun aon cheann de na nithe seo thuas adhéanamh. **Má bhíonn cabhair uait leis an bhfoirm, is féidir leat teagmháil a dhéanamh le d'údarás áitiúil.**

Conas a úsáidtear do chuid faisnéise

Chun vóta a chaitheamh caithfidh tú a bheith ar an gclár toghthóirí.

Tá roinnt sonraí pearsanta ó d'údarás áitiúil (d'ainm, seoladh baile, dáta breithe, Uimhir PSP agus náisiúntacht san áireamh) chun d'iarratas a phróiseáil chun tú a chlárú chun vóta a chaitheamh nó athruithe a dhéanamh ar thairfead reatha.

Féadfar an t-eolas seo a roinnt le húdaráis áitiúla eile nuair is gá chun an clár toghthóirí a bhainistiú agus a choimeád.

Chun cruinneas an chláir a chosaint is féidir do sonraí aitheantais a chros-seiceáil leis an Roinn Coimirce Sóisialaí ar bhonn teoranta chun sonraí aitheantais a dheimhniú (ainm, dáta breithe, UPSP). Cé gur doiciméad poiblí é an clár, ní fhoilseofar d'uimhir PSP ná do dháta breithe.

Cabhraíonn sé seo na nithe seo a leanas a chinntiú:

- › nach bhfuil ach daoine incháilithe cláraithe chun vóta a chaitheamh agus
- › go gcoimeádtar an clár suas chun dáta, agus
- › níl aon duine ar an gclár faoi dhó ná nach bhfuil sonraí míchearta acu.

Leagtar an bunús dlí sin amach san Acht um Athchóiriú Toghchánach, 2022.

Do shonraí agus an fáth a n-iarraimid orthu iad

Faoin dlí, féadfaidh údaráis áitiúla aon fhaisnéis atá uathu a iarraidh chun a chinntiú go bhfuil an clár toghthóirí cruinn agus iomlán.

Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSP)	Má thugann tú d'UPSP dúinn, beimid in ann scrúdú a dhéanamh chun do shonraí aitheantais a dheimhniú agus sláine an chláir a chosaint. Ní fheicfear UPSPanna ar an gclár. Mura dtugann tú UPSP dúinn, caithfidh tú leathanach 2 den fhoirm seo a chomhlánú, nuair a bheidh ar fhinné d'aitheantas a dheimhniú.	Seoladh inar mian leat go measfaí go bhfuil cónaí ort:	Is é seo an seoladh atá ag nó gar don áit a chaitheann tú cuid mhaith de d'am. Clárófar thú ag an seoladh seo chun vótáil agus caithfidh tú insint dúinn an chúis atá lena úsáid. Thiofadh leis go gcodlaíonn tú ann mar shampla.
Dáta breithe	Tá do dháta breithe uainn chun a dheimhniú go bhfuil tú incháilithe chun vóta a chaitheamh. Is féidir leat an fhoirm chomhlánaithe seo a chur ar ais ó 16 bliana d'aois ar aghaidh ach caithfidh tú a bheith 18 chun vóta a chaitheamh.	Sonraí náisiúntachta	Tá do náisiúntacht uainn chun a dheimhniú cén toghcháin a bhfuil tú incháilithe le vóta a chaitheamh iontu:
Uimhir fóin agus seoladh ríomhphoist	Le d'uimhir fóin agus/nó do sheoladh ríomhphoist is féidir le d'údarás áitiúil dul i dteagmháil leat go tapa maidir le do chuid faisnéise, más gá.		Más tusa: Is féidir leat vóta a chaitheamh sna toghcháin seo a leanas:
Seoladh inar féidir leat post a fháil:	Úsáidfidh an t-údarás áitiúil an seoladh seo chun post a chur chugat maidir leis an iarratas seo. Mura bhfuil seoladh ann inar féidir leat post a fháil, caithfidh é a bhailiú ó d'údarás áitiúil. Déanfaidh an t-údarás áitiúil teagmháil leat ag baint úsáid as na sonraí teagmhála a chuir tú ar fáil leis sin a shocrú.		Saoránach Éireannach: Gach toghchán agus reifreann
			Saoránach AE: Toghcháin áitiúla agus toghcháin na hEorpa
			Saoránach RA: Toghcháin áitiúla agus toghcháin na Dála
			Eile: Toghcháin áitiúla

An fhoirm a fhianú

Ní gá duit d'fhoirm a fhianú nó a dheimhniú ach amháin mura bhfuil uimhir PSP **curtha ar fáil** agat nó má iarrann d'údarás áitiúil ort é sin a dhéanamh sa chás nach féidir leo do shonraí a dheimhniú.

Sa chuid is mó de na cásanna sin, is éard is ciall leis ná dul go dtí stáisiún áitiúil an Garda Síochána nó go dtí d'údarás áitiúil leis an bhfoirm. Tabhair aitheantas fótagrafach leat. D'fhéadfaí do phas nó ceadúnas tiomána a úsáid mar aitheantas, mar shampla. Beidh ort an fhoirm a shíniú i láthair ball den Garda Síochána nó ball d'fhoireann shibhialtach an Garda Síochána nó ball foirne de chuid d'údarás áitiúil.

Má tá breoiteacht nó míchumas ort a chuireann cosc ort dul chuig stáisiún áitiúil na nGardaí nó chuig d'údarás áitiúil chun d'aitheantas a dheimhniú, caithfidh lia-chleachtóir cláraithe, dochtúir teaghlach mar shampla, d'fhoirm a dheimhniú (a shíniú agus stampa a chur uirthi).

Sula seolann tú d'fhoirm

Cuimhnigh:

- ✓ Síniú an fhoirm ar:
 - leathanach 1; **agus**
 - leathanach 2 mura bhfuil UPSP tugtha agat.
- ✓ Finné a fháil do d'fhoirm mura bhfuil UPSP tugtha agat.

An dáta is déanaí chun iarratais a fháil

Is féidir leat iarratas a dhéanamh ar chlárú nó ar do shonraí a nuashonrú am ar bith. Mar sin féin, i gcás inar glaodh toghchán nó reifreann go foirmiúil, is é an dáta is déanaí chun iarratais a fháil ná **15 lá roimh an imeacht toghchánach sin**. Ní áirítear an Domhnach, laethanta saoire poiblí agus Aoine an Chéasta mar laethanta chun na críche sin.

Mura bhfaigheann d'údarás áitiúil d'fhoirm in am, ní féidir leis í a bhreithniú don toghchán nó don reifreann sin.

Tá spriocdhátaí éagsúla i bhfeidhm más mian leat iarratas a dhéanamh ar vóta poist nó a bheith curtha ar an liosta vótálaithe speisialta. Is féidir leat iad seo a fháil ar na foirmeacha ábhartha nó ar www.seiceailanclár.ie

Cén áit le d'fhoirm a sheoladh

Seol d'fhoirm chuig d'údarás áitiúil. Ar an gclúdach litreach, scríobh 'Clár Toghthóirí' agus seoladh baile an údaráis áitiúil iomchuí. Is féidir í a chur sa phost ag baint úsáide as stampa caighdeánach.

Tuilleadh eolais

Téigh i dteagmháil le d'údarás áitiúil.

Is féidir leat seoladh d'údaráis áitiúil a chuardach ar líne nó ceist a chur ar d'lonad Eolais do Shaoránaigh áitiúil.